



**Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí**

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Scéim Teanga 2020-2023**

## **Clár na nÁbhar**

1: Réamhrá agus Cúlra.....	3
1.1 Réamhrá .....	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime.....	3
1.3 Dáta tosaithe na Scéime.....	3
2: Forléargas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLU)....	4
2.1 Misean agus Cuspóirí .....	4
2.2 Príomhfheidhmeanna.....	4
2.3 Príomhsheirbhísí .....	4
2.4 Na daoine a bhfuilimid ag freastal orthu .....	4
3: Mionsonraí maidir leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil trí Bhéarla amháin nó go dátheangach faoi láthair.....	5
4: An Soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú.....	5
5: Inniúlacht Teanga a fheabhsú.....	9
5.1 Earcaíocht .....	9
5.2 Oiliúint agus Forbairt .....	9
5.3 Poist Ainmnithe Ghaeilge .....	10
6: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	10
7: Poiblíocht na Scéime Comhaontaithe.....	10

## 1: Réamhrá agus Cúlra

### 1.1 Réamhrá

Foráiltear in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 do chomhlachtaí poiblí scéim teanga a ullmhú ina leagtar amach na seirbhísí a chuireann siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a dhéanfar lena chinntiú go soláthrófar trí mheán na Gaeilge aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht amhlaidh faoi láthair laistigh de thréimhse chomhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, beidh feidhm ag scéim teanga go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua, cibé acu is déanaí.

### 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á cur i dtoll a chéile, tugadh aird ar leith ar na Treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta. Ina theannta sin, réachtáladh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá **Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLU)** treoraithe ag an bprionsabal gur chóir do sholáthar seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe ar:

- an bunéileamh ar sheirbhísí sonracha i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i leith a leithéid de sheirbhísí a sholáthar, agus
- na hacmhainní, acmhainní daonna agus airgeadais ina measc, agus cumas an chomhlachta i gceist chun an inniúlacht teanga is gá a fhorbairt nó a rochtain.

Cuireadh an scéim i dtoll a chéile d'fhonn a chinntiú go ndéileálfadh **BOOLU** le gach oibleagáid iomchuí bainteach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna eile amach anseo.

### 1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim seo. Tosaíonn an scéim le héifeacht ó 08 Bealtaine 2020 agus beidh an scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí.

## **2: Forléargas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLU)**

### **2.1 Misean agus Cuspóirí**

Tá sé mar aidhm ag BOOLU oideachas agus oiliúint cuimsitheach, ionchuimsitheach, inrochtana, agus ar ardchaighdeán a sholáthar. Ráthaíonn BOOLU seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar trí na bearta seo a leanas:

- ár ndícheall a dhéanamh na caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta is airde a bhaint amach in oideachas agus oiliúint áitiúil;
- an fhoireann is fearr atá ar fáil a earcú;
- barr feabhais agus athnuachan eagraíochtúil a chinntiú trí oiliúint agus athoiliúint foirne, le comhdheiseanna do chách;
- plé agus comhpháirtíochtaí leanúnacha leis an earnáil ghnó, thionsclaíoch agus tráchtála sa bhaile agus le beartas AE agus gníomhaireachtaí gairmoideachais thar lear;
- comhpháirtíochtaí leanúnacha le tuismitheoirí, mic léinn, an Roinn Oideachais & Scileanna, agus SOLAS.

Táimid tiomanta do bheartas chun míbhuntáiste a laghdú i Laois agus in Uíbh Fhailí agus soláthróimid agus tacóimid le bearta oideachais agus oiliúna chun a leithéid sin de mhíbhuntáiste a laghdú. Mar cheann de na príomheagraíochtaí reachtúla sa dá chontae, cruthóimid nasc le, cabhróimid le agus tacóimid le soláthraithe seirbhíse/gníomhaireachtaí forbartha ábhartha – go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Déanfaimid feidhmíocht a mheas go rialta, déanfaimid athbhreithniú ar ár gcuspóirí, struchtúir, cláir agus tosaíochtaí, d'fhonn teacht le dea-chleachtas agus le patrúin athraitheacha de bheartas náisiúnta agus riachtanas nó éileamh áitiúil.

### **2.2 Príomhfheidhmeanna**

Is comhlacht reachtúil é BOOLU a bhfuil freagrachtaí forleathana air cúrsaí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil i scoileanna dara leibhéal, ionaid bhreisoideachais agus seirbhísí oiliúna i gCo. Laoise agus i gCo. Uíbh Fhailí.

### **2.3 Príomhsheirbhísí**

Bunaíonn agus tacaíonn BOOLU le scoileanna agus le hionaid aitheanta oideachais agus tá sé freagrach as pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar oideachais agus oiliúna laistigh dá limistéir seirbhíse. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar BOOLU (faoi stiúradh an Aire Oideachais agus Scileanna) seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do sholáthraithe oideachais agus oiliúna eile. D'fhéadfadh go mbeadh a leithéid sin de thacaíochtaí á gcur ar fáil i gcomhthéacs tionscadal caipitil agus talún, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, TFC, agus rialachas corparáideach.

### **2.4 Na daoine a bhfuilimid ag freastal orthu**

- pobail uile Laoise agus Uíbh Fhailí;

- na mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí arb ionann iad agus pobail foghlama ár scoileanna dara leibhéal agus ionaid aitheanta oideachais ar fad;
- úsáideoirí eile na seirbhísí atá á soláthar ag BOOLU, lena n-áirítear seirbhísí breisoideachais agus oiliúna, seirbhísí oideachais pobail, agus seirbhísí oibre don óige;
- ranna stáit/gníomhaireachtaí leathstáit, gníomhaireachtaí deonacha, grúpaí pobail, agus daoine aonair;
- Foireann BOOLU.

### 3: Mionsonraí maidir leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil trí Bhéarla amháin nó go dátheangach faoi láthair

Tá na seirbhísí uile á gcur ar fáil trí Bhéarla faoi láthair, seachas teagasc na Gaeilge inár scoileanna agus ionaid, atá á chur ar fáil go dátheangach.

### 4: An Soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú

**Is ceanglais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha atá scáthaithe liath sa**

tábla thíos.

Bealach cumarsáide leis an bpobal		Gealltanais	
Fógairtí Taifeadta Béil		<p>Beidh na fógairtí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:</p> <p>(a) Fógairtí taifeadta béil a thugtar ar an teileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógairtí taifeadta béil a tharchuirtear trí mheán córas fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógairtí a chruthaítear agus a tharchuirtear trí mheán córas ríomhairithe teachtaireachta nó córas ríomhairithe freagartha teileafóin.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógairtí 'taifeadta' seachas 'fógairtí beo'.</p> <p>I gcás Ordú Logainmneacha a bheith i bhfeidhm, ceanglaítear</p>	Éigeantach

		ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin a úsáid i bhfógairtí taifeadta béil a dhéanann sé nó a dhéantar thar a cheann.	
<b>Cumarsáid i Scríbhinn</b>	<b>Litreacha agus Ríomhphost</b>	Tabharfar freagra ar gach cumarsáid i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas an chumarsáid.	Éigeantach
	<b>Stáiseanóireacht</b>	Cuirtear na ceanteidil ar stáiseanóireacht, lena n-áirítear páipéar litreach, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh chomhaid agus filleáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach.	Éigeantach
<b>Comharthaí</b>	<b>Comharthaí</b>	Ní mór go mbeadh gach comhartha a chrochann Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLU), nó a chrochtar thar a cheann, i nGaeilge amháin nó dátheangach, de réir na rialachán (I.R. Uimh.391/2008).	Éigeantach
<b>Foilseacháin</b>	<b>Foilseacháin</b>	Foilseofar doiciméid ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i gcomhthráth lena chéile i nGaeilge agus i mBéarla.	Éigeantach
	<b>Ciorcláin/ Cora Poist</b>	Nuair a dhéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó cumarsáid tríd an ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun críche eolas a thabhairt don phobal nó don aicme sin, déanfaidh an comhlacht cinnte de go mbeidh an chumarsáid i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.	Éigeantach
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Logainmneacha Gaeltachta</b>	Úsáidfidh an comhlacht poiblí na logainmneacha oifigiúla atá ar cheantair Ghaeltachta de réir na reachtaíochta iomchuí	Éigeantach

**Is gníomhartha iad na forálacha liostaithe thíos a bheartaíonn BOOLU a chur chun feidhme i rith shaolré na scéime.**

<b>Bealach cumarsáide leis an bpobal</b>		<b>Tiomantas</b>	<b>Amlíne</b>
<b>Cumarsáid ó Bhéal</b>	<b>Fáiltiú</b>	Beannófar do chustaiméirí i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla i ngach scoil, ionad, agus oifig riaracháin.	Go leanúnach
	<b>Seirbhís Duine le Duine/Seirbhís Cuntair</b>	Beidh liosta de na baill foirne atá in ann seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar á chur ar fáil do gach scoil, ionad, agus oifig riaracháin.	Leanúnach
	<b>Lasc-chlár</b>	Déarfaidh an fhoireann lasc-chláir i ngach scoil, ionad, agus oifig riaracháin ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.	Go leanúnach
	<b>Cumarsáid Teileafóin</b>	Déanfar socruithe cuí, in am trátha, le haghaidh cumarsáid teileafóin do chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.	Go leanúnach
	<b>Preasráitis</b>	Eiseofar gach preasráiteas i nGaeilge agus i mBéarla. Eiseofar iad seo i gcomhthráth lena chéile.	Go leanúnach
	<b>Óráidí</b>	Beidh beannachtaí agus críoch óráidí i nGaeilge.	Go leanúnach
	<b>Urlabhraí na Meán</b>	Feidhmeoidh ball foirne mar urlabhraí na meán i ndiaidh oiliúint chuí a dhéanamh	Ó thús na scéime
	<b>Cumarsáid i Scríbhinn</b>	<b>Foirmeacha Iarratais</b>	Cuirfear leagan Gaeilge de gach foirm iarratais ar fáil
	<b>Ríomhphost</b>	Foilseoidimid seoladh ríomhphoist ar leith d'fhiosrúcháin i nGaeilge ar shuíomh gréasáin BOOLU.	Leanúnach

<b>Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide</b>		Beidh teachtaireachtaí ríomhphoist caighdeánacha cosúil le séanadh i bhfoirm dhátheangach.	
	<b>Suíomhanna Gréasáin</b>	<p>Beidh teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh dátheangach ar an suíomh gréasáin.</p> <p>Áireofar ar an suíomh gréasáin ráiteas dátheangach ón bPríomhfheidhmeannach ina ndearbhaítear diombháilteacht cloí leis na ngealltanais atá sonraithe i Scéim Teanga an Bhoird.</p> <p>Beidh daoine in ann nascleanúint a dhéanamh ó leathanach ar an leagan Béarla den suíomh gréasáin chuig an leathanach ábhartha ar an leagan Gaeilge.</p>	Go leanúnach
	<b>Ríomhchórais</b>	Beidh aon ríomhchóras nua atá á shuiteáil lán-inniúil ar an nGaeilge a láimhseáil.	Leanúnach



## 5: Inniúlacht Teanga a fheabhsú

### 5.1 Earcaíocht

Is é earcú ball foirne a bhfuil an leibhéal cuí inniúlachta acu sa Ghaeilge i ngach réimse oibre BOOLU an príomhbhealach a bheidh ann chun infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge a bharrfheabhsú. Tabharfar aird inár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir chreat na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta comhaontaithe, ar an ngá le cumas sa Ghaeilge a fheabhsú ar bhonn incriminteach.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do gach ball foirne nua, ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe d'fhonn a chinntiú go mbeidh na baill foirne ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

### 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá BOOLU tiomanta do dheiseanna a thabhairt do bhaill foirne freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, ag brath ar na hacmhainní a bheidh ar fáil. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas faoi na háiseanna/deiseanna atá ann cabhrú leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú.

		<b>Gealltanais</b>	<b>Amlíne</b>
<b>Inniúlacht Teanga a fheabhsú</b>	<b>Earcaíocht</b>	Tabharfar pacáiste ionduchtúcháin do bhaill foirne nua ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe.	Go leanúnach
	<b>Oiliúint agus Forbairt</b>	Tabharfar deiseanna do bhaill foirne inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú trí mhaoiniú a chur ar fáil do chúrsaí Gaeilge ag leibhéal teastais, dioplóma agus chéime, agus é mar aidhm tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chaighdeán, raon, agus minicíocht na seirbhísí Gaeilge atá á dtairiscint againn don phobal. I measc a leithéid sin de chúrsaí beidh cúrsaí sa Ghaeilge labhartha agus scríofa, agus cúrsaí eile nach bhfuil sonraithe, a mbeadh tionchar dearfach acu ar inniúlacht na foirne bainistíochta ginearálta agus riaracháin seirbhís ardleibhéal trí Ghaeilge a thairiscint.	Go leanúnach

### 5.3 Poist Ainmnithe Ghaeilge

Le cois na bpost teagaisc a bhfuil ceanglas inniúlachta Gaeilge luaite leo, tá na poist thíos ainmnithe mar phoist a bhfuil ceanglas inniúlachta Gaeilge luaite seo. Tá sé beartaithe go mbeidh caighdeán chreidiúnaithe sonraithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo, i gcomhréir le freagrachtaí an phoist. Nuair a bheidh na poist seo á ndearadh, tabharfar aird ar leith ar phoist ar cainteoirí Gaeilge iad formhór an bhoinn custaiméirí atá luaite leis an bpost sin.

<b>Teideal an Phoist</b>	<b>Suíomh</b>	<b>An pobal Gaeilge a bhfuiltear ag freastal air</b>	<b>Nod maidir leis an gcaighdeán Gaeilge a theastaíonn</b>
<b>Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí, agus poist teagaisc</b>	Scoileanna Gaeilge	Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí atá ag feidhmiú faoi shainchúram BOOLU	Caighdeán ardleibhéil
<b>Rúnaithe, agus poist riaracháin eile</b>	Scoileanna Gaeilge	Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí atá ag feidhmiú faoi shainchúram BOOLU	Caighdeán ardleibhéil

### 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Príomhfheidhmeannach BOOLU agus a F(h)oireann Bainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar chur chun feidhme na scéime go rialta. Ba cheart aon cheist faoin scéim a phlé le Joe Cunningham, An Príomhfheidhmeannach. Beidh córas foirmeálta ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus beidh sonraí ar fáil inár dTuarascáil Bhliantúil.

### 7: Poiblíocht na Scéime Comhaontaithe

Déan poiblíocht inmheánach agus sheachtrach ar an scéim seo. Beidh leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus tabharfar cóip don fhoireann ar fad agus do na gníomhaireachtaí cuí. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as modhanna eile chun an scéim a phoibliú freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach uile dheis gach lá nuair a bhímid ag déileáil le custaiméirí na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn i nGaeilge a chur ar a súile dóibh:

- trí chustaiméirí a chur ar an eolas ar bhonn réamhghníomhach faoin rogha atá acu a ngnó linn a dhéanamh i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chrochadh sna limistéir fáiltithe ag cur in iúl go bhfuil seirbhísí ar fáil i nGaeilge;
- na seirbhísí seo a liostú go feiceálach ar ár suíomh gréasáin;
- é a chur in iúl ar threoirínite, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnacha go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil an t-ábhar cuí á chur ar fáil go dátheangach;
- an tsuntasacht chéanna a thabhairt d'ábhair i nGaeilge agus i mBéarla.

Cuirfear cóip den scéim arna comhaontú ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.